

Seolfar cóip den nuachtlitir ar ríomhphost chuig gach naíonra agus scoil

Gaelscoileanna

NUACHTLITIR

SAMHRADH 2015

Moltaí Polasaí don Soláthar Oideachais i Limistéir Ghaeltachta

SAN IRIS SEO:

Comhairliúchán Gaeltachta	2
Comhdháil ECI	4
Lch. Naíonraí	5
Gaelcholáiste Nua	8
Gailearaí	9
Gaelscoil Nua	10
Torthaí GCSE	12

"Dushlán eile...."

An easpa

tuisceana &

feasachta atá

ann ag leibhéal

na ndaoine

gairmiúla...."

Fáiltíonn Gaelscoileanna Teo. go mór roimh na moltaí a sheol an tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan, ar an 5 Bealtaine, a bhfuil de chuspóir acu go príomha, cur le cumas scoileanna Gaeltachta oideachas trí Ghaeilge a sholáthar agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhóra atá sa chóras. Cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin le heisiúint na moltaí seo, agus tá suirbhéanna scaipthe go forleathan ag COGG faoin tráth seo le cur ar aghaidh chuig pobail uile na scoileanna Gaeltachta. Tá tréimhse an-ghearr luaite leis an bpróiseas comhairliúcháin le scoileanna, sé sin go dtí an 15 Meitheamh. Moltar go láidir do gach scoil Ghaeltachta ionchur gníomhach a bheith acu sa phróiseas agus tionchar

a imirt ar mhúnú thodhchaí an oideachais Gaeltachta.

Tá Gaelscoileanna Teo. ag reáchtáil seimineáir náisiúnta ar an 23 Bealtaine sa Radisson, Gaillimh do na scoileanna ó gach Gaeltacht, tráth a dhéanfar cíoradh agus mionphlé ar na moltaí d'fhonn an próiseas comhairliúcháin a éascú do scoileanna.

Déanfar plé leis na páirtithe leasmhara, Gaelscoileanna Teo. ina measc idir anois agus deireadh na bliana ar an aiseolas a thagann ó phobail na scoileanna. Táthar ag súil le heisiúint an pholasaí san Earrach 2016. Tapaigí an deis bhur gcuid tuairimí agus moltaí chun leasa forbairt pholasaí iomchuí don oideachas Gaeltachta a chur in iúl.

Riachtanais Speisialta sa chóras lánGhaeilge

Tá Gaelscoileanna Teo. ag plé ceist na riachtanas speisialta sa chóras LánGhaeilge. Tá taighde déanta ag Gaelscoileanna Teo. sna scoileanna lánGhaeilge ag iarraidh réimse na riachtanas atá iontú a aithint mar aon lena saincheisteanna. Is léir gurb iad an t-easnamh in áiseanna agus treoir bunaithe ar thaighde na dushláin is mó. Dushlán eile atá aitheanta ag scoileanna LánGhaeilge an easpa tuisceana agus feasachta atá ann ag leibhéal na ndaoine gairmiúla a bhíonn ag plé leis na páistí sa chóras. Arís, braitear go bhfuil go leor de seo ag eascairt as easpa taighde dúchasach agus easpa plé ar an gceist. Chuige sin, tá Gaelscoileanna Teo. tar éis cruinnithe a shocrú le heagrais a bhíonn ag plé le páistí le riachtanais speisialta agus leis an gcoras LánGhaeilge; NEPS, NCSE, SESS & COGG ina measc. D'éirigh go maith leo agus ó shin tá moltaí curtha ar aghaidh thar cheann an eagrais maidir le réimsí agus ábhair thaighde ar cheart don NCSE tabhairt faoi. Bhí cruinnithe freisin leis an

PSI & HSE maidir le hárdú feasachta a chur chun i measc siceolaithe, teirpeoirí urlabhra & teanga agus eile a bhíonn ag plé le páistí sa chóras LánGhaeilge. Ba chruinnithe thar a bheith dearfach iad. Aontaíodh an gá leis an bplé & ardú feasachta ag an leibhéal sin. Beidh an t-Eagras ag obair go leanúnach leis na heagrais úd chun dul chun cinn a dhéanamh ar an gceist seo. Ghlac Gaelscoileanna Teo. páirt, i gcomhair leis an bhForas Pátrúnachta i gcomhairliúchán de chuid na Roinne maidir leis an múnú nua do thacaíocht foghlama sa bhunscoil. Ba dheis í seo ceist an 3 ábhar ag leibhéal na tacaíochta (Gaeilge, Bearla agus Mata) sa chóras LánGhaeilge i gcomparáid le 2 ábhar sna scoileanna Béarla, a phlé agus an gá le hacmhainní breise dá bharr. Tá breis taighde le déanamh ar an gceist seo agus scaipfear ceistneoir ar scoileanna LánGhaeilge go luath le pictiúr níos iomláine agus soiléire a tharraingt maidir le tosaíochtaí na hearnála. Bheimís an-bhuíoch as bhur gcuid tacaíochta.

Carmel Nic Airt,
(Príomhoide);
Noreen Minihan;
Séamus Daly;
Jimmy O'Regan
agus Serena Ní
Chorcoráin, le baill
an choiste ghlas ó
Ghaelscoil Mhíchíl
Uí Choileáin



*"Táimid i mbun
socrulthe faoi láthair
do cheann a
reachtáil sa
Daingean agus sna
Gaeltachtaí eile
roimh dheireadh na
scoilbhiana"*

Comhairliúchán le scoileanna Gaeltachta

Gabhann Gaelscoileanna Teo. buíochas leis na scoileanna a d'fhreastail ar na cruinnithe chomhairliúcháin leis an eagraíocht i gConamara agus i nGaobh Dobhair. Táimid i mbun socrulthe faoi láthair do cheann a reachtáil sa Daingean agus sna Gaeltachtaí eile roimh dheireadh na scoilbhiana, más féidir. Is é sprioc na

gcrúinnithe ná eolas a scaipeadh ar na scoileanna faoi ról agus feidhmeanna Gaelscoileanna Teo. i gcur chun cinn an oideachais Gaeltachta agus aiseolas a fháil ó scoileanna faoina gcuid riachtanais agus faoi na bealaí a d'fhéadfadh na scoileanna agus an eagraíocht a bheith ag

obair as lámh a chéile d'fhonn seirbhísí chuí thacaíocha a chur ar fáil do scoileanna Gaeltachta. Tá sé mar chuid den chur chuige comhairliúcháin seo ná líon na scoileanna atá cláraithe leis an eagraíocht a mhéadú d'fhonn an eagraíocht a chumasú le hionadaíocht a dhéanamh ar a gcuid riachtanais.

Saoire Gaeilge do theaghlaigh i gCiarraí agus i

nDún na nGall

Tá Glór na nGael ag reachtáil trí ócáid laethanta saoire teaghlaigh le linn an tsamhraidh seo. Mar a bhí roimhe seo, beidh saoire samhraidh ann do theaghlaigh sa Ghaeltacht i gCorca Dhuibhne, Co. Chiarraí ón 8 go dtí 15 Lúnasa agus is do theaghlaigh lán-Ghaeilge amháin an saoire seo.

Tá dhá shaoire eile de sheachtain amháin an ceann á reachtáil ag Glór na nGael san Ionad Oideachais agus Traenála i Gartán, Co.

Dhún na nGall. Beidh an chéad seachtain saoire i nGartán ar siúl ó 11 go dtí 18 Iúil agus is do theaghlaigh lán-Ghaeilge amháin an saoire seo. Beidh an dara seachtain saoire i nDún na nGall ar siúl ó 19 go dtí 24 Iúil agus beidh an ócáid seo dírithe ar theaghlaigh nach bhfuil labhairt na Gaeilge ag duine de na tuismitheoirí. Beidh ranganna idirghníomhacha comhrá Gaeilge ar siúl le linn na seachtaine do thuismitheoirí gan líofacht sa teanga le cuidiú leo

feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge.

Is saoire eachtraíochta iad seo agus beidh réimse leathan imeachtaí ar siúl ó lá go lá a bheidh oiriúnach do pháistí d'aoiseanna difiriúla agus a gcuid tuismitheoirí.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil trí dul i dteagmháil le: **Glór na nGael** ar **00353 58 24642** nó ar ríomhphost ag anna@glornangael.ie

Tuilleadh eolais ar lch.12



Coláiste na nOileán

Dátaí Cúrsaí 2015

Cúrsa A – 02/06 – 23/06

Cúrsa B – 24/06 – 15/07

Cúrsa C – 16/07 – 06/08

**Níl aon áit níos deise ná GAELTACHT Chonamara chun
3 seachtainí a chaitheamh ar chúrsa GAEILGE**

091-551933/colnannoilean@gmail.com



Bricfeasta ar an mBuaitín!

Bhí maidin iontach ar scoil againn Dé Céadaoin an 13ú do Bhealtaine. Shocraigh an scoil go siúlódh gach éinne ar scoil an mhaidin sin. Fé mar a deir an seanfhocal 'gioraíonn beirt bóthar' agus mar sin a bhí againn mar bhí pairt-néir ag gach éinne agus thug sé deis do gach éinne comhrá deas a bheith acu ar an slí ar scoil.

Bhailigh gach éinne isteach i halla na scoile ansan agus bhí grúpa tuismitheoirí gnóthach ó

mhaidin ag ullmhú bricfeasta folláin dúinn. Bhí babhla torthaí, sú agus arán donn ann do gach éinne agus líon gach éinne a mbolg. Bhí cuairteoirí speisialta inár measc don ócáid, Naíonra an Fheirtéaraigh agus bhaineadar súp as an mbricfeasta is an cleachtadh ar fad. Fuaireadar go léir a n-aghaidheanna maisithe go haoibhinn ag leanaí na hardranganna. Bhí gach aon saghas ainmhí inár measc ansan!

Chuireamar ar siúl 'Anam an Ámhrán' agus bhí gach éinne ag canadh na n-ámhrán le chéile. Bhí cúpla port ceoil againn ós na leanaí agus bhí bronadh na nduaiseanna againn don gcomórtas 'seanfhocail'. Maidin taitneamhach gaelach a bhí ann do gach éinne. Míle buíochas dos na múinteoirí a d'eagraigh é, na tuismitheoirí a chabhraigh, an naíonra a chur go mór leis mar ócáid.

-Rang a sé, Scoil an Fheirtéaraigh, Ciarraí

Má eagraíonn do scoil ócáid le naíonra, beidh fáilte romhat cur isteach ar scéim 'Le Chéile Trí Ghaeilge' agus maoiniú a fháil— díreach mar a rinne Scoil an Fheirtéaraigh



Cúrsa sa saibhreas teanga

Is cúis dóchais dúinn go bhfuil an Ghaeilge fós beo beathach sa Ghaeltacht agus í á labhairt ag scoth na gcainteoirí. Chuige sin, tá Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ag eagrú cúrsa seachtaine atá dírithe ar shaibhreas agus ar shaíocht na Gaeilge i nGaeltacht Chonamara. Beidh an bhéim ar nádúr na Gaeilge – stór focal, nathanna agus leaganacha cainte dúchasacha, dul na Gaeilge, tráthúlacht, deisbhéalaíocht etc. agus cruinneas teanga. Beidh scoth na gcainteoirí agus na dteagascóirí ag roinnt a gcuid eolais le

rannpháirtithe an chúrsa agus beidh neart deiseanna ann cur agus cúiteamh a dhéanamh faoi chúrsaí foclóra, foghraíochta, nádúr na cainte agus go leor eile.

D'fheilfeadh sé seo do dhaoine

- a bhfuil Gaeilge mhaith acu agus cleachtadh acu ar í a labhairt
- a rinne an Dioplóma sa Ghaeilge, céim sa Ghaeilge nó a bhain amach cáilíocht acadúil sa Ghaeilge

ACADAMH
na hOllscolaíochta Gaeilge

Dátaí : 29

Meitheamh

— 3 lúil

Costas:

€260

- atá ag múineadh
- a bhfuil suim acu i gCanúint Chonamara
- a bhfuil leaganacha cainte agus nathanna dúchasacha ligthe i ndearmad acu
- a airíonn go bhfuil an iomarca Béarlachais trína gcuid cainte
- atá ag tógáil a gclann le Gaeilge & ar mhaith leo go mbeadh canúint na háite & Gaeilge nádúrtha

Comhdháil Early Childhood Ireland

D'fhreastal baill foirne Gael-scoileanna Teo. ar Chomhdháil Early Childhood Ireland i bPáirc an Chrócaigh ar an 17 agus 18 Aibreán. Seimineár ar thaighde agus cleachtas a bhí ann ar an Aoine, le cuir i láthair ó thaighdeoirí a bhain le gach gné de sholáthar an luath oideachais; teagasc agus foghlaim, proifisiúnú, an clann, spraoi, Aistear agus Siolta, folláine agus grúpaí sainspéise eile. Bhí naíonraí san áireamh sa taighde a chur an Dr. Máire Mhic Mhathúna i láthair maidir le hullmhacht don scoil agus bhí lón machnaimh ann do stiúrthóirí, tuismitheoirí, múinteoirí scoile agus na

heagraíochtaí a chuireann seirbhísí tacaíochta ar fáil dóibh. Maria Aarts a bhí mar aoi chainteoir na Comhdhála ar Satharn an 18ú, le cur i láthair thar a bheith spráúil agus spreagúil maidir le comhairleoireacht oideachais *Marte Meo*. I measc aoi chainteoirí eile an lae bhí an tAire James Reilly agus Fergal Lynch ón Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige, Fiona McDonnell ó Tusla, Margaret Rogers ó Better Start, Arlene Foster ón CNCM agus Harold Hislop ón Roinn Oideachais & Scoileanna. Bhí plé bríomhar ann maidir le forbairtí curaclam, cigireachta agus

meantóireachta san earnáil, agus ceardlanna praiticiúla bunaithe ar réimse leathan téamaí.

Beidh Gaelscoileanna Teo. ag comhoibriú le Early Childhood Ireland i mbliana le cuid d'fhoilseacháin ECI a chur ar fáil i nGaeilge. Cuirfear gach eolas ar www.gaelscoileanna.ie nuair a bheith siad ar fáil don phobal.



*“Chuir os cionn 70
bunscoil, idir
Gaelscoileanna
agus scoileanna
Gaeltachta,
seónna de
ardchalghdeán ar
ardán...”*

Scoil Cholmcille, Ros a' Mhíl

Reáchtáil Gael Linn naoi gcinn de fhéilte bhliantúla Coirm in amharclanna ar fud na tíre le linn mhí Feabhra agus mhí Márta. Chuir os cionn 70 bunscoil, idir Gael-scoileanna agus scoileanna Gaeltachta, seónna de ardchalghdeán ar ardán, a léirigh tallanna a ndaltaí, ó rang amháin nó ó ranganna éagsúla sa scoil. Bhí a rogha téama féin ag gach scoil, agus meascán de mhíreanna –

drámaíocht, ceol, amhránaíocht, scéalaíocht, aithriseoireacht, rince agus a leithéid – i ngach seó. Ní bhíonn comórtas i gceist ag Coirm, ach thug léirmheastóirí aitheantas (i bhfoirm ghradam) do sheónna nó do mhíreanna as seónna a léirigh ardchalghdeán ag na féilte. Chomh maith le bheith ar stáitse iad féin, bhí deis ag na daltaí seónna ó scoileanna eile a

fheiceáil. Agus chun cur le hatmaisféar na féile, bhí siamsóirí i láthair ag gach ócáid chun gáire a bhaint as an lucht féachana idir mhíreanna, ina measc an fear grinn iomráiteach, Gig-gles! Tríd a rannpháirtíocht i bhféilte Coirm, tá Gael Linn ag súil spéis sa Ghaeilge a neartú i measc scoláirí bunscoile, agus deis a thabhairt dóibh í a chleachtadh.



Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc



Gaelscoil Uí Dhrisceoil

Lch. na Naíonraí



“Faoin scéim seo is féidir tabhairt faoi oiliúint sa Ghaeilge ag aon leibhéal agus eagraithe ag aon fhoras oiliúna”

Tá na cuairteanna chuig Naíonraí éagsúla timpeall na tíre á gcur i gcrích go tréan ag foireann Gaelscoileanna Teo. Tá neart eolais á bhailiú, bunaithe ar mholtaí na stiúrthóirí, a chuirfidh le feidhm na heagraíochta seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do na Naíonraí. Tá sé i gceist ag an eagraíocht cuairt a thabhairt ar an gcuid is mó de na Naíonraí roimh dheireadh na bliana.

Bunaithe ar na moltaí a tháinig chun cinn ó na cuairteanna tá rannóg nua ar www.gaelscoileanna.ie dírithe ar naíonraí agus ábhar á chur leis go leanúnach: eolaire, léarscáil, polasaithe samplacha, acmhainní, eolas maidir le bunú naíonra. Tá scéim nua fógartha ag an eagraíocht, Scéim Tacaíochta Teanga do Stiúrthóirí Naíonra le cúnamh a thabhairt do stiúrthóirí naíonra gur mian leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Faoin scéim seo is féidir tabhairt faoi oiliúint sa Ghaeilge ag aon leibhéal agus eagraithe ag aon fhoras oiliúna. An t-uasmhéid a cheadófar in aghaidh an bhaill foirne ná €150. Is féidir iarratas a dhéanamh ar son níos mó ná stiúrthóir amháin ón naíonra. Íocfar na táillí ar bhonn sonraisc nó admhála ón bhforas oiliúna amháin.

Tá ábhar bolscaireachta á dhearadh le scaipeadh ar na naíonraí chomh maith; leagan úr den phacáiste eolais agus bileog maidir le buntáistí an naíonra. Tá athdhearadh á dhéanamh ar an Leabhar Tinrimh, Leabhar Timpistí agus Foirm Iontrála agus beidh siad réidh le scaipeadh ar naíonraí i mí Lúnasa.

Leanfaidh foireann Gaelscoileanna Teo leis na cuairteanna ar na Naíonraí agus tá an fhoireann an-buíoch as an t-am a thug na stiúrthóirí éagsúla dúinn go dtí seo le seirbhísí tacaíochta a phlé linn agus moltaí a chuir faoinár mbráid.

Rinne Ciara cur i láthair le muintir Bhaile Formaid le déanaí ar bhuntáistí an tumoideachais & ar na tacaíochtaí atá ar fáil. Tá sé i gceist naíonra nua a bhunú sa cheantar go luath.

Bhuail Cormac le hÁine Uí Arragáin i Luimneach. Beidh Áine ag oscailt naíonra nua i Meán Fómhair ‘Naíonra Chaladh an Treoigh’. Go n-éirí go geal leat, a Áine!



Ár mbuíochas le Nicole i Naíonra Thír na nÓg as na grianghrafanna seo a roinnt linn!



Fiontraíocht i gColáiste de hÍde



Dylan Leon, Buaiteoir Sinsearach



Aaron Ó Murchú Tailliúr, Buaiteoir Sóisearach

Comhghairdeas

le daltaí

Choláiste de

hÍde ó

Gaelscoileanna

Teo. as na

héachtaí ar fad!

Comhghairdeas ollmhór ag dul chuig daltaí Choláiste de hÍde a ghlac páirt sa chomórtas gnó "Damhachtán Fiontraíochta Dalta 2015" i I.T. Tamhlachta arís i mbliana. D'éirigh thar barr leo ar fad arís agus bhuaigh na daoine seo a leanas duaiseanna ar son a gcuid mionchomhlachtaí iontacha: Dylan Leon - **Buaiteoir Sinsearach!!**

Aaron Ó Murchú Tailliúr - **Buaiteoir Sóisearach!!**

Duaiseanna elle speisialta fálgha ag na daoine seo a leanas:

Caoileann Nic Artáin (Meán Cumarsáide)

Cathal Ó Tuile, Craig Ó Buaigh, Conchúr Ó hUallacháin (Meán Cumarsáide)

Daire Mac Fhearghusa (Tuilleamas speisialta)

Míle buíochas ag dul chuig Marcus Ó Léanacháin agus Stiofan Ó Diomsaigh a chabhraigh leo agus a thug an deis dóibh na gnóthaí seo a chur le cheile.

Ina dhiaidh seo, d'eirigh le Aaron Ó Murchú Tailliúr duais naisiúnta a bhuachaint sa Chomórtas Fiontraíochta i bPáirc an Chrochaigh.

'An Tionscadal Nualach is mó' sa chatagóir Sóisearach.

Gile na Gealaí - Amharclann na nDaoine Beaga

Tá Graffiti Theatre Company, Corcaigh, an-bhródúil as an léiriú is déanaí againn do lucht féachana an-óg, a bheidh ar an stáitse i Mí an Mheithimh.

Is píosa amharclainne álainn agus draíochtúil é *Gile na Gealaí - Melody of the Moon*, dírithe ar lucht féachana an-óg (0-3) agus a ndaoine fásta. Tar linn ar thuras fileata trí fhuaimneanna agus íomhánna thar sáile agus spéire. Scéal grá atá ann - tá an tlascaire ar thóiríocht na Gealaí áille, ach tá sáile agus spéir eatarthu.


Ar theacht isteach an doras dóibh, tá na páistí sáite sa domhan draíochta seo. Imíonn siad ar thuras leis an tlascaire, an Ghealach os a gcomhair sa spéir. Ní labhrann an tlascaire agus an Ghealach lena chéile - canann seisean as Béarla agus sise as Gaeilge - agus is trí mheán an cheoil a léiríonn siad grá dá chéile.

Tá an dráma seo forbartha ag Graffiti Theatre Company le dhá bhliain anuas, maraon le tréimhse speisialta ag New Visions New Voices sa Kennedy Centre, Washington 2014.

Cruthaithe don lucht féachana is óige (0-3 bliain) ag an bhfoireann ealaíon chéanna a chruthaigh *Blátha Bána*, beidh *Gile na Gealaí* le breathnú i Graffiti Theatre i Mí an Mheithimh.

Léiríthe do naíonraí/grúpaí creche ar 10.00 agus 12.00 (Luan-Déardaoin) ón 1-18 Meitheamh. Cur in áirithint: 021 4397111 nó bookings@graffiti.ie
Léiríthe do theaghlaigh mar chuid de Cork Midsummer Festival ar 10.00 agus 12.00 ar an 12, 13, 14 agus 19, 20, 21 Meitheamh. Cur in áirithint: 021 4215131 nó www.corkmidsummer.com

Beidh na léiríthe go léir ar slúil sa Graffiti Theatre sa Linn Dubh, Corcaigh. Ticéid €5. Spás teoranta



Coláiste Daibhéid Abú!

Seaimpíní Peile Chorcaí- sin an teideal nua a bhain Coláiste Daibhéid amach i Mainistir Fhearmaí le déanaí agus iad tar éis aghaidh a thabhairt ar Bhaile Mhistéala sa Chluiche Ceannais Sinsir. D'aineoinn na ndroch choinníollacha d'imir siad go spleodrach ó thus deiridh le cúl agus 6 chuilín a fháil acu sa chéad leath. Cian Ó Buachalla a bhain an cúl amach, agus na cúlíní roinnte idir an chaptaen Dónal Ó Leannacháin, a phairtnéir i lár na páirce Conchúir Ó Briain, agus na leaids ar na cliatháin- Darragh MacCárthaigh agus Gearóid Ó Céilleachair. Thosaigh Baile Mhistéala go tapa sa t-arna leath agus le fiche noimead fágtha sa chluiche ní raibh ach cuilín eatarthu.

Ach is ansin a tháinig na ceannairí chun cinn, agus go háirithe láidreach na gcúlaithe. Bhí Oisín Wedel agus Séan Ó Mathúna leis an lámh in uachtar tríd is tríd, agus bhí Fionn MacDomhnaill breá compórdach sa chúl. Nuair a chuir Dónal Ó Leannacháin dhá cheann i ndiaidh a chéile thar an trasnán le 5 noimead fágtha bhí a fhios ag an 200 dalta a thaisteal go mbeadh an Chorn Shinsir ag filleadh go dtí Gaelcholáiste Daibhéid suite ar bhruach an Laoi i gCathair Chorcaí. Lean an riméid ar aghaidh sa scoil ar filleadh dóibh agus chuir sé clabhsúr iontach le himeachtaí sheachtain na Gaeilge.



“...chuir Dónal Ó Leannacháin dhá cheann i ndiaidh a chéile thar an trasnán le 5 noimead fágtha bhí a fhiosgo mbeadh an Chorn Shinsir ag filleadh go dtí Gaelcholáiste Daibhéid”

Na buaiteoirí ó Choláiste Daibhéid



Turas go Trend Micro

Thug daltaí ón Idirbhliain turas ar Trend Micro le déanaí. D'fhreastal said ar chúrsa traenála “Be Smart” a mhúineann dóibh conas úsáid sabhailte, freagrach agus tairbheach a bhaint as teicneolaíocht. Is féidir leis na daltaí an cúrsa “Be Smart” a sholáthair chuig daltaí eile ina scoil fhéin agus i mbunscoileanna tar éis na traenála seo a fháil. Clúdaíonn “Be Smart” clú ar líne, sabhailteacht ar líne agus cibearbhulaíocht. Cuítear béim ana-mhór ar fhreagracht phearsanta ar líne. Bhí na daltaí ó Choláiste Daibhéid, in éineacht le Iníon Nic Roibéard, páirteach chomh maith i lainséal comórtas fiseáin agus póstaí “Whats Your Story” mar chuid de cheiliúradh ar Lá Níos Sabhailte ar Líne.

Gaelcholáiste nua i gCarraig Uí Leighin

Tá Gaelcholáiste nua Charraig Uí Leighin, suite ar an dtaobh thoir theas de chathair Chorcaí, ag oscailt a doirse don chéad ghrúpa daltaí i mí Lúnasa na bliana seo.

Tá méadú thar na bearta tagtha ar éileamh an oideachais lán-Ghaelaigh i gCarraig Uí Leighin agus sna ceantair mháguaird idir an Dúbhghlas agus Machan, bruachbhailte na cathrach, chomh maith le ceantair Chóbh, Chionn tSáile agus Droichead na Bandan le blianta beaga anuas. Is cúis mhór áthais do mhuintir na gceantar sin

gur féidir le foghlaimeoirí, don chéad uair anois, leanúint ar an oideachas lán-Ghaelach ina gceantair dúchais féin.

Tá creidiúint thar na bearta ag dul don Choiste Stiúrtha a shaothraigh go dian dícheallach le blianta fada leis an toradh stairiúil seo a fheiscint. Iarbhunscoil comhoideachasúil ilchreidmheach is ea Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin atá ag feidhmiú faoi phátrún Bhóird Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.

Tá Áine-Máire Ní Fhaoláin ceaptha mar Phríomhoide, agus beifear ag ceapadh Leas-Phríomhoide agus buíon múinteoirí go gairid.

Tá Áine-Máire fíor-shásta leis an mborradh atá tagtha ar chlárúchán, agus tá sí ag súil an-mhór le hoibriú i dteannta daltaí, tuismitheoirí, buíon teagaisc na scoile agus pobal Chorcaí theas agus chuan Chorcaí le barr feabhais múineadh agus foghlama a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge in ionad léinn den scoth sa Gaelcholáiste nua.



Cuairt ón Uachtarán ar Ghaelscoil Chloch na gCoillte

Ghlac Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigín, le cuireadh ón mBord Bainistíochta Ghaelscoil Chloch na gCoillte le freastal ar cheiliúradh 20 bliain na scoile. Tá an lá speisialta ar siúl ar 11 Meitheamh, ach tá ceiliúradh na scoile ar siúl ó mhí Meán Fómhair. D'oscail doras na scoile don chéad uair ar 1 Meán Fómhair, 1994, agus ó thús na scoilbhliana seo tá each-

traí éagsúla eagraithe taobh istigh den scoil leis na chéad 20 bliain den Ghaelscolaíocht i gCloch na gCoillte a cheiliúradh. Beidh píosa ealaíne, a coimisiúnaíodh go speisialta don ócáid, á nochtadh ag an Uachtarán mar chuid dá chuairt. Chuir 15 ealaíontóir isteach ar an "Per Cent for Art Scheme". Bhí an bua ag píosa dealbhóireach, déanta ag an ealaíontóir

áitiúil Édaín Ní Dhomhnaill. Obair eile a bhíonn ar siúl aici ná ceardlann idirghníomhach i réimsí éagsúla cosúil le ceol, drámaíocht, scríbhneoireacht cruthaitheach agus ealaín. Tá an Bord Bainistíochta Cairde na Scoile, na páistí agus an foireann an-gnóthach agus iad ag réitiú don lá iontach seo. Lá bródúil i stair na scoile

Comhdháil Tumoideachais

Bhí Gaelscoileanna Teo. páirteach i reáchtáil comh-chomhdháil taighde ar an tumoideachas ar an 15-16 Bealtaine, faoi stiúir an Dr. TJ Ó Ceallaigh, Coláiste Mhuire Gan Smál. Comhdháil den scoth a bhí ann, le os cionn 50 taighdeoir ag cur páipéar i láthair i réimse an tumoideachais. Tá sé i gceist go bhfoilseofar imeachtaí na comhdhála gan mhoill, agus tá breis eolais faoi ar an suíomh www.tumoideachas.2015.com

Comhdháil CAER

Beidh CAER i gcomhpháirt le SOILLSE ag eagrú Comhdháil idirnáisiúnta ar oideachas trí mhionteangacha. Reáchtálfar an chomhdháil i Sabhal Mór Ostaig ar Oileán Scítheanach na hAlban idir an 28 agus an 30 Bealtaine 2015. Beidh aoichainteoirí den scoth ag déanamh cur i láthair agus beidh ceardlanna éagsúla chun deis a thabhairt do mhúinteoirí agus iadsan bainteach le hoideachas san earnáil agus na mórcheisteanna comónta a phlé. Tuilleadh eolais ó Nóra Ní Loingsigh, nora@gaelscoileanna.ie

Gailearaí ó Scoil Iarfhhlatha



- Ghlac páistí ó Ghaelscoil Iarfhhlatha páirt i
- Scríobh Leabhar arís i mbliana. Seo grian-
- graf de na páistí a bhain gradam amach.



Tháinig an t-údar Liam Farrell chuig an scoil mar chuid den Féile Leabhar a bhí sa scoil le déanaí.



Foireann Peile na Scoile



Tá an clár cuairteanna scoile á chur i bhfeidhm go leanúnach amach anseo

Nóra Ní Loingsigh, GS Teo. in éineacht le Ciarán Ó Máille (príomhoide) agus Pól Ó Fathaigh (Leas-phríomhoide) Gaelcholáiste Chomáin, Ros Dumhach,

An bhfuil acmhainní ranga / naíonra le roinnt agat le múinteoirí / stiúrthóirí eile? Tá rannóg do mhúinteoirí / stiúrthóirí ar an suíomh gréasáin agus ba mhór againn cloisteaíl uait.

Seol ríomhphost chuig oifig@gaelscoileanna.ie

Gaelscoil Nua ag oscailt i mBiorra

Ba mhór an t-ábhar áthais dúinne i mBiorra le Gaeilge nuair a d'fhógair an Roinn Oideachais go mbeidh ár nGaelscoil le hoscailt i mbliana i mí Mheán Fómhair. Bhíomar ag fanacht ar feadh na mblianta leis an deascéal seo agus nuair a tháinig sé, bhí sé deacair a chreidiúnt.

Ach a mhalairt ar fad atá fíor anois cúpla mí níos déanaí; anois tá príomhoide piochta againn – fáilte Uí Cheallaigh romhat go Biorra a hÁine Nic Dháibhéid! – agus tá suíomh na scoile ceaptha againn – an suíomh buan agus an suíomh sealadach! Suíomh álainn atá againn i gcroílár Bhiarra agus, níos mó ná sin, tá príomhoide iontach cumasach againn ó Thír Conaill.

Tá na páistí ag clárú in aghaidh an lae agus tá an t-atmaisfear leictreach i measc muintir Bhiarra le Gaeilge. Chun na fírinne lom a rá, tá faoiseamh mór orainn go bhfuil an Ghaelscoil ag oscailt toisc go rabhamar go léir imníoch nach dtiocfadh ár lá! Ach, buíochas mór le Gaelscoileanna Teo. agus leis an bhFóras Pátrúnachta agus chuile duine eile a thug tacaíocht dúinn ón gcéad lá a rinneamar beart Gaelscoil a oscailt i mBiorra, mar tháinig ár lá agus tháinig an dea-scéal agus beidh an Ghaelscoil ar an bhfód i mbliana. Táimid go léir ag tnúth leis an lá a bheidh gaeilgeoirí óga ag rith timpeall Biorra.



Áine Mc Devitt, Príomhoide Gaelscoil Bhiarra



Cúrsa Gaeilge i nGaeltacht na nDéise Satharn 15^ú go Satharn 22^ú Lúnasa ag Coláiste na Rinne

Gearr-insint

Ranganna : 5 lá 9.30r.n. - 12.30i.n. (bun, meán agus ard ranganna ar fáil)

Turais : Beidh 4 turas ann ins na tráthnónta chuig ...
Áiteanna a bhaineann le cultúr na nDéise
Waterford Crystal agus ionad na Lochlannach i gCathair Phort Láirge.
Ard Mhór, Cloigtheach, Naomh Déaglán agus Ré na Críostaíochta
Bia na nDéise (e.g. oisrí, beorach, cais, arán, súnna)

Imeachtaí oíche: Ceol traidisiúnta, scéalaíocht, amhránaíocht, céilithe, bord quiz agus clabhsúr speisialta ag deireadh

Lóistín (gach rud san áireamh):

Beidh lóistín ar fáil san Seanacháí Holiday Cottage Village 3Km ó Choláiste na Rinne. Seomraí mar seo a leanas ...

- | | | |
|---|----------|---|
| i) seomra aonair | €965 : | → |
| ii) ag roinnt seomra beirte | €790 : | → |
| iii) Seomra dubailte (*do bheirt le chéile) | €1630* : | → |

Bus ar fáil dtí an Coláiste gach lá

Praghsanna:

Tá na ranganna, béilí turais, lóistín agus bus ó agus go dtí Dún Garbhán, Co. Phort Láirge sa phraghas



E : tara@anrinn.com


P : + 353 (0) 58 46128

W : www.deise.ie



GAELCHOLÁISTE CHOMÁIN

C'est la Vie! on s'amuse á Libramont
Erasmus +, Ár dturas go dtí an Bheilg



Tá daltaí an dara bliain agus na hidirbhliana díreach ar ais ó thuras go dtí Libramont, sa Bheilg. Is é seo an chéad turas mar chuid de Chlár saorántacht Eorapaigh á reachtáil ag Erasmus +.

Soláthrófar deiseanna staidéir agus taithí oibre thar lear do suas go ceithre mhilliún duine mar gheall ar an tionscadal seo. Is éard atá mar aidhm an chlár ná na bearnaí a líonadh idir oideachas agus an saol oibre. Beidh daltaí Gaelcholáiste Chomáin ag taisteal chuig Vársá sa Pholainn, An Mhaidrid, An Liospóin & Parás thar tréimhse dhá bhliana.

Ina theannta sin, tiocfaidh na tíortha eile ar thuras chuig Ros Dumhach i mí Bealtaine 2015.

Chuaigh na scoláirí ar cuairt go Parlaimint na hEorpa sa Bhruiséil.

Tugadh na scoláirí ar thuras treoraithe timpleall na parlaiminte. Turas eolach, iontach a bhí ann agus bhain na scoláirí an-sult as.

Chaith na scoláirí lá sa chathair ag féachaint ar radharcanna inspéise an "Grande-Place". Chuaigh na scoláirí go dtí cúrsa ionsaithe an Citadel Namur. Bhí an cúrsa dúshlána seo suite in áit stairiúil darbh ainm Namur. Eagraíodh imeachtaí chun comrádaíocht a bhunú idir na scoláirí ó thíortha éagsúla.

D'oibrigh na scoláirí le chéile i bhformhór na n-imeachtaí idir sléibhteoireacht, ziplíneáil &rl. Rinneadh cur i láthair ar chearta & freagrachtaí an duine maidir leis an ábhar saorántachta de.

Ar an iomlán, thaitin an turas go mór leis na daltaí. Chabhraigh sé leo maidir lena n-eolas ar ábhar saoránachta go praiticiúil, taobh amuigh den seomra ranga. Chuidigh sé go mór leo ó thaobh muiníne agus teangeolaíochta de agus thug sé seans do na daltaí "un petit peu de Français" a chleachtadh.

Bhí brón ar na scoláirí an tír álainn a fhágáil tar éis na seachtaine. Táimid ag súil go mór lenár gcuariteoirí iasachta atá le teacht go ceantar Iorrais i mí Bealtaine.

Lá na dTrí Ghaelscoil

Tháinig Rang 5 agus 6 ó Ghaelscoil Thaobh na Coille, Gaelscoil Phádraig ón mBaile Breac agus Scoil Lorcáin le chéile ar an Máirt 10 Márta mar chuid d'Fhéile Sheachtain na Gaeilge. Ar maidin ghlac Rang 6 ón trí scoil páirt i dTráth na gCeisteanna i Halla Scoil Lorcáin agus d'imir Rang 5 Peil Ghaelach, Peil Talún agus Liathróid Olaimpeach Láimhe ar fhaichí il-aimsire na Linne Goirme i mBaile na Manach. Sa tráthnóna ghlac Rang 5 páirt i dTráth na gCeisteanna agus d'imigh Rang 6 chuig an Linn Ghorm do na cluichí. D'eagraíomar foirne meascathie do na cluichí agus do Thráth na gCeisteanna, rud a thug seans do na daltaí ó na gaeilscoileanna éagsúla aithne a chur ar a chéile. Bhaineamar an-taitneamh as an lá agus sílimid go mbeidh tionchar fadtéarmach dearfach aige ar dhearcadh na ndaltaí i leith úsáid na Gaeilge. Fuair eamar cabhair ó bhuachaillí idirbhliana ó C.B.C. Bhaile na Manach. Bhí siad an-mhaith agus chuaigh an ócáid i bhfeidhm orthu, chomh maith.





SAOIRE GAELTACHTA DO THEAGHLAIGH IÚIL 2015

Gartan, Co. Dhún na nGall

Seachtain 1: 11-18 Iúil

Dírthe ar theaghligh a bhfuil Gaeilge ar a dtail ag gach ball clainne, idir thuismitheoirí agus páistí.

Seachtain 2: 19-24 Iúil

Dírthe ar theaghligh a bhfuil Gaeilge ag tuismitheoirí amháin agus ag na páistí. Tarbharfar deis don tuismitheoir eile freastal ar ranganna Gaeilge le hiad a chumasú in úsáid na teanga.

Is gá áit chur in áirithe, gabh i dteagmháil le →



EOLAS BREISE

LÓISTÍN

Seomraí ensuite le dhá leaba singilte & leaba 'bunk' i ngach seomra. Is féidir tochtanna breise a chur sa seomra & tá spás ann do chliabháin taistil

COSTAS

€855.00.

Clúdaíonn an praghas béilte, lóistín agus clár imeachtaí (Tabhair faoi deara áfach go bhfuil costas breise ar imeachtaí áirithe)

GLÓR NA nGAEL

www.glornangael.ie

Déan teagmháil le anna@glornangael.ie
+353 83 4440 636



facebook

Gaelscoileanna Teo.

May 8 at 3:21am · 🌐

Tá an dá theachtas do bhunscoileanna nua ián-Ghaeilge a bhunú i dtuaisceart agus i ndeisceart Bhaile Átha Cliath faoi lánseol. Coinnigh ar an eolas faoi dhul chun na bhfeachtas agus cruinnithe anseo <http://www.gaelscoileanna.ie/bunscoil-nua-i-ndeisceart-bac/> agus <http://www.gaelscoileanna.ie/scoil-nua-i-dtuaisceart-bac/> The campaigns to set up two Irish-medium primary schools in Dublin are well underway. Keep up to date on the progress of these campaigns as well as meetings at the following links <http://www.gaelscoileanna.ie/scoil-nua-i-ndeisceart-bac/>... and <http://www.gaelscoileanna.ie/bunscoil-nua-i-ndeisceart-bac/>

Bunscoil nua i ndeisceart BÁC : Gaelscoileanna – Irish Medium Education

A new primary school is to open in the Stillorgan/Goatstown area in September 2016 and Gaelscoileanna Teo. are supporting an application by An Foras Pátrúnachta to have the new school designated as an Irish-medium school.

GAELSCOILEANNAIE

Gaelscoileanna Teo. shared an event.

7 hrs · 🌐

An bhfuil suim agat do ghasúir a chur chuig Naíolann i lár BÁC? Beidh cruinniú ar súil ar an 16ú Meitheamh ag 13.00 chun tuilleadh eolais a thabhairt faoin bhfeachtas seo.



Cabhairigh le Naíolann a bhunú i lár BÁC

Tuesday, June 16 at 1:00pm in UTC+01

Uimhir 6 in baile Átha Cliath, Ireland

45 people are going

Tá Gaelscoileanna Teo. anois ar Twitter agus Facebook. Déanaigí bhuir scéalta a roinnt linn!

Lean muid [@Gaelscoileanna](https://www.facebook.com/Gaelscoileanna)



Lánmharcanna GCSE do dhaltai Ionad Tacaíochta Choláiste Feirste

D'éirigh le beirt daltaí a bhíonn ag freastal ar Ionad Tacaíochta Choláiste Feirste na marcanna is airde sa Ghaeilge a bhaint amach sna scrúduithe GCSE. Ina measc, bhí Dubhaltach Mac Conmidhe, dalta a bhfuil pairilis cheirbreach air agus a thugann faoi thuras 40 míle ó dheisceart Dhoire go Coláiste Feirste gach lá.

Ocht ndalta ina iomlán, triúr as Coláiste Feirste ar éirigh leo lánmharcanna a bhaint amach as beagnach 3,000 a thug faoin scrúdú.

Tá Ionad tacaíochta Choláiste Feirste ar an fhód le hocht mbliana anuas. Freastalaíonn an tIonad ar dhaltai le riachtanais foghlama éagsúla, aspéargar, disléicse agus pairilis cheirbreach ina measc.

Is é an t-aon Ionad dá leithéid a fhreastlaíonn ar an Ghaeloideachas ó thuaidh.

- Gaelscoileanna Teo retweeted **Nuacht RTE** @NuachtRTE · May 5
Tréimhse tumoideachais molta. Ní mhúinfeair Béarla le linn na sraithe naíonán i scoileanna Gaeltachta [@NuachtRTE](https://twitter.com/NuachtRTE) 17.40
- Gaelscoileanna Teo retweeted **Raidió na Gaeltachta** @RTERnaG · May 5
Deir Seosamh Mac Donnchadha go bhfuil gá le bainisteoirí togra leis na moltaí a chur i bhfeidhm i scoileanna Gaeltachta [@Cormacag5](https://twitter.com/Cormacag5)
- Gaelscoileanna Teo retweeted **CathniaOM** @Cathnia · May 16
Tugann an líon & caighdeán taighde a cuireadh i láthair anseo ag [@tumoid2015](https://twitter.com/tumoid2015) spreagadh dhom. Eacht déanta agus obair le deanamh! [#tumoid2015](https://twitter.com/tumoid2015)
- Gaelscoileanna Teo retweeted **Tumoideachas2015** @tumoid2015 · May 15
Gaeltachtaí beaga cruthaithe mór thimpeall na tíre. -Ó Laoire [#tumoid2015](https://twitter.com/tumoid2015) [@MICLimerick](https://twitter.com/MICLimerick) [@gaelscoileanna](https://twitter.com/gaelscoileanna) [@tuairiscnuacht](https://twitter.com/tuairiscnuacht)